ESB NETWORKS

# Athbhreithniú 6 ar Phraghsanna – Plean Gnó

## Achoimre Fheidhmeach

Dáta eisiúna: Aibreán 2025

DOC-070425-IEQ



# Inneachar

**Focal ón Stiúrthóir Bainistíochta** 3

**Achoimre Fheidhmeach** 5

Ról ESB Networks agus an próiseas Athbhreithnithe ar Phraghsanna 5

Cur leis na forbairtí a rinneadh le linn PR5 6

Dearcadh PR6 7

Custaiméirí a chur i gcroílár na pleanála gnó agus na cinnteoireachta 8

Gealltanais Straitéiseacha 9

Príomhghnéithe dár bPlean PR6 9

Bonneagar iontaofa agus athléimneach 10

Leictreachas Dícharbónaithe 12

Custaiméirí a Chumhachtú 13

Ár gcur chuige i leith seachadta 14

Cumais Bhunúsacha 15

Infheistíocht bheartaithe agus neamhchinnteacht a bhainistiú 16

An Plean a Mhaoiniú 17

Éifeachtúlacht a chinntiú 20

Buntáistí do Chustaiméirí 20

Aschuir 25

**Conclúid** 28

**Gluais na dTéarmaí** 29

# Focal ón Stiúrthóir Bainistíochta

Is cuid ríthábhachtach dár mbonneagar náisiúnta é líonra leictreachais na hÉireann. Tá sé mar bhonn agus taca le fás eacnamaíoch, cothaíonn sé ár ngeilleagar comhaimseartha agus tacaíonn sé le príomhchuspóirí beartais a bhaineann le tithíocht, le fás tionsclaíoch agus leis an athrú aeráide. Bíonn tionchar díreach ag na hinfheistíochtaí a dhéanaimid sa líonra leictreachais ar shaol daoine faoi láthair agus amach anseo. Bíonn tionchar acu ar ár n-iomaíochas náisiúnta, ar ár gcumas infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, ar luas na forbartha ar thithíocht nua, agus ar ár sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

Gach cúig bliana, cuireann ESB Networks plean gnó faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntas (CRU), ina ndéantar cur síos ar na hinfheistíochtaí atá beartaithe againn a dhéanamh sa líonra thar na chéad chúig bliana eile mar chuid de phróiseas rialaithe Athbhreithnithe Praghsanna (PR). Tugann an próiseas seo cosaint do chustaiméirí trí rialú a dhéanamh ar an méid airgid is féidir le ESB Networks a ghnóthú trí bhillí leictreachais agus a chinntiú go seachadtar na tairbhí do chustaiméirí ar bhealach sábháilte, inbhuanaithe agus éifeachtach.

Clúdaíonn ár bplean gnó le haghaidh Athbhreithniú 6 ar Phraghsanna (PR6) an tréimhse 2026 go 2030. Tugann sé aghaidh ar na cuspóirí agus torthaí straitéiseacha arna sainaithint ag an CRU ina bPáipéar Straitéise PR6 chomh maith lenár bhfís fhadtéarmach féin don líonra, mar a leagtar amach inár Straitéis Líonraí i dTreo na Neodrachta.

Cuirfidh PR6 leis an dul chun cinn suntasach atá bainte amach ar fud na hearnála leictreachais le cúig bliana anuas agus cuirfidh sé dlús leis. Ó 2021 i leith, tá breis agus 1.4 GW de ghiniúint in-athnuaite ar scála fóntais nasctha leis an líonra ag ESB Networks, chomh maith le 120,000 suiteáil ghrianphainéal Microgen, agus níos mó ná 135,000 teach, feirm agus gnóthas. Tá níos mó ná 1.85 mhilliún méadar cliste suiteáilte againn, tá infheistíocht déanta againn i gcórais dhigiteacha, sonraí agus teileachumarsáide, agus tá an clár Líonra Náisiúnta, Naisc Áitiúla curtha ar bun chun na buntáistí a bhaineann le córas dáileacháin níos solúbtha a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Le linn PR5, chuireamar go mór le slándáil fuinnimh na hÉireann trí 853 MW de ghiniúint teirmeach agus 608 MW de stóráil fuinnimh ceallraí a nascadh leis na líonraí tarchurtha agus dáileacháin, agus beidh tuilleadh tionscadal le nascadh roimh dheireadh 2025.

Tá infheistíocht shuntasach déanta againn freisin sa bhonn sócmhainní líonra atá againn faoi láthair, agus déanaimid sócmhainní líonra a chothabháil agus a athsholáthar go straitéiseach lena chinntiú go bhfanfaidh siad iontaofa agus athléimneach i leith na ndúshlán atá romhainn.

Bhaineamar na garspriocanna sin amach i gcomhthéacs éagobhsaíocht gheopholaitiúil, fás daonra, agus méadú ar an imní faoin athrú aeráide. Tá athrú ó bhonn curtha ag na fachtóirí sin ar an tírdhreach fuinnimh, rud a fhágann gur cuireadh dlús le tithíocht, bonneagar agus spriocanna aeráide agus go bhfuil éilimh mhóra nua ar an líonra leictreachais.

Sa chomhthéacs seo, beidh ár gclár infheistíochta PR6 níos mó ó thaobh scála agus uaillmhéine de, mar léiriú ar thábhacht straitéiseach an líonra leictreachais le gur féidir claochlú sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a bhaint amach sna blianta amach romhainn. Táimid ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag custaiméirí faoi láthair agus a bheidh acu amach anseo, trínár bplean a ailíniú le cuspóirí agus spriocanna beartais ábhartha, lena n-áirítear iad siúd atá sa dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála, Tithíocht do Chách, sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 agus sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Cé gur phlean suntasach ann féin é ár bplean le haghaidh PR6, níl ann ach cuid amháin de threochlár straitéiseach a chuireann le PR5 agus a chuireann bonn i bhfeidhm le haghaidh tuilleadh infheistíochta tar éis 2030 i gconair na hÉireann i dtreo na Neodrachta. Beidh gá le hinfheistíocht shuntasach agus leanúnach chun an uaillmhian seo a bhaint amach.

Éileoidh sé sin tacaíocht don chóras iomlán, agus aitheantas a thabhairt do nádúr idirnasctha an tírdhreacha fuinnimh agus an gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar fud na n-earnálacha go léir. D'oibríomar go dlúth le EirGrid, an t-oibreoir córais tarchurtha (TSO), lenár gcustaiméirí agus lenár ngeallsealbhóirí chun an plean seo a chur le chéile.

Tá ár gcur chuige maidir le scála ár n-infheistíochta leagtha amach againn chun luas agus scála an tseachadta a bharrfheabhsú agus chun custaiméirí a chosaint. Léiríonn an plean fírinne an domhain ina mairimid sa lá atá inniu ann, agus an neamhchinnteacht agus na rioscaí a bhaineann go nádúrtha leis an gconair i dtreo na Neodrachta. Chun dul i ngleic leis an éiginnteacht seo, táimid ag moladh cur chuige atá uaillmhianach ach cothrom a chomhcheanglaíonn infheistíocht i sócmhainní líonra fisiceacha le réitigh chliste gan sreanga agus cur chuige solúbtha ar an infheistíocht. Cinnteofar leis sin go mbainfear amach na buntáistí a bhaineann le líonra atá athléimneach, inbhuanaithe agus a sheasfaidh an aimsir gan ualach míchuí a chur ar ár gcustaiméirí.

Agus cúrsa á leagan amach againn do chonair na hÉireann chuig geilleagar Neodrach a bheidh inbhuanaithe agus bríomhar, tá ár gcur chuige bunaithe go daingean ar riachtanais agus ionchais ár gcustaiméirí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid. Is iad léargais agus aiseolas ó na custaiméirí agus na pobail sin a threoraíonn ár dtograí, agus gabhaimid buíochas leis an iliomad daoine aonair agus grúpaí a ghlac an t-am le dul i dteagmháil linn agus an Plean seo á ullmhú.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an CRU, lenár gcustaiméirí, agus le gach páirtí leasmhar chun ár bplean gnó PR6 a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir linn an t-athrú atá de dhíth a bhaint amach le chéile chun todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin a chinntiú d'Éirinn.



# Achoimre Fheidhmeach

## Ról ESB Networks agus an próiseas Athbhreithnithe ar Phraghsanna

Is é ESB Networks Oibreoir an Chórais Dáileacháin (DSO), an tÚinéir Sócmhainne Dáileacháin (DAO), agus an tÚinéir Sócmhainní Tarchuir ar an gcósta (TAO) i bPoblacht na hÉireann. Oibrímid chun freastal ar riachtanais gach custaiméir leictreachais in Éirinn, beag beann ar an soláthraí, agus iad a nascadh le todhchaí leictreach ghlan na hÉireann. Mar TAO, tá ESB Networks freagrach as an gcóras tarchurtha ardvoltais a thógáil agus a chothabháil de réir na gceanglas atá leagtha amach ag EirGrid, an t-oibreoir córais tarchurtha (TSO). Mar DAO agus DSO, déanaimid na feidhmeanna go léir a bhaineann leis an gcóras dáileacháin leictreachais, lena n-áirítear bainistíocht sócmhainní, pleanáil, tógáil, cothabháil, agus oibriú an ghréasáin dáileacháin ardvoltais, meánvoltais agus ísealvoltais. Léiríonn Fíor 1 thíos struchtúr an líonra leictreachais agus an comhéadan idir na córais tarchurtha agus dáileacháin.

**Fíor 1: Struchtúr na gcóras tarchurtha agus dáileacháin leictreachais**




Tá ESB Networks ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU), a dhéanann maoirsiú ar ár n-infheistíocht sa líonra leictreachais tríd an bpróiseas Athbhreithnithe ar Phraghsanna a dhéantar gach cúig bliana chun a chinntiú go soláthraítear luach do chustaiméirí. Leagtar amach sa phlean gnó seo na tograí infheistíochta atá á gcur faoi bhráid an CRU againn le haghaidh Athbhreithniú 6 ar Phraghsanna (PR6), a chuimsíonn an tréimhse 2026 go 2030 agus a chuireann leis an dul chun cinn atá déanta againn sna tréimhsí Athbhreithnithe ar Phraghsanna roimhe seo.

## Cur leis na forbairtí a rinneadh le linn PR5*

Tharla athruithe suntasacha geopholaitiúla, déimeagrafacha agus sóisialta le linn na tréimhse reatha d'Athbhreithniú ar Phraghsanna, rud a chuir dlús le gníomhú ar son na haeráide, a chuir isteach ar shlabhraí soláthair, a d'ardaigh praghsanna leictreachais, a chuir isteach ar infhaighteacht agus costas caipitil, a chuir méadú ar an éileamh ar acmhainn líonra agus a chuir le riosca seachadta.

In ainneoin na luaineachta seo, rinne an earnáil leictreachais beart le linn PR5 chun tacú le custaiméirí agus chun freagairt do thírdhreach fuinnimh atá ag athrú go tapa, agus bhí ról lárnach ag ESB Networks chun an méid sin a chumasú. Táimid ar an mbóthar ceart chun an clár infheistíochta caipitil is mó riamh (€5.0bn) a chur i bhfeidhm, agus tá na hinfheistíochtaí i gcomhréir go hábhartha lena raibh beartaithe againn. Beidh an infheistíocht chaipitil ag deireadh PR5 cothrom le 97% dár gclár réamh-mheasta, agus táthar ag tuar go mbeidh caiteachas oibriúcháin cothrom le 106% den mhéid a rabhthas ag súil leis.

Thar thréimhse PR5, tá caiteachas caipitil bliantúil iomlán méadaithe againn ó €0.8bn in 2021 go dtí breis agus €1.1bn réamh-mheasta do 2024 (an dá mhéid sin in airgead 2024) agus tá obair shuntasach déanta againn chun ár gcumas seachadta a athrú agus muid ag súil le clár oibre i bhfad níos mó in PR6. Táimid tar éis an líonra a dhéanamh níos cliste agus níos solúbtha freisin chun freastal ar na héilimh atá ag éirí níos casta, ar éilimh iad a bhaineann le dícharbónú agus leictriú, agus chun an gá atá le hatreisithe fisiciúla líonra a íoslaghdú.

D'fhostaigh ESB Networks Frontier Economics chun staidéar comparáideach a dhéanamh chun éifeachtúlacht ESB Networks a mheas i gcomparáid le cuideachtaí piaraí. Baineadh de thátal as an staidéar sin go raibh feidhmíocht costais ESB Networks éifeachtach thar thréimhse PR5. Fuair Frontier amach go bhfuil ár gcostais, ar an meán, 6.7% níos éifeachtaí ná meánleibhéal éifeachtach na DNOnna sa Bhreatain Mhór. Tacaíonn a gcás íogaireachta leis sin, agus é ag léiriú go seasta go bhfuil caiteachas iomlán (totex) ESB Networks ar an meánleibhéal éifeachtúlachta nó faoina bhun sa tréimhse 2021 go 2024.

Chun a chinntiú go ndéanfaidh ár gclár infheistíochta caipitil in PR6 torthaí agus tairbhí do chustaiméirí a bharrfheabhsú arís, d'úsáideamar cur chuige caighdeánaithe bunaithe ar shláinte agus riocht sócmhainní chun díriú ar na sócmhainní is mó atá i mbaol teipe. Tugtar CNAIM (modheolaíocht chomhchoiteann um innéacsanna sócmhainní líonra) ar an gcur chuige sin agus tá sé ag teacht le Ofgem sa Ríocht Aontaithe agus formheasta aige. Tugann sé sin deis dúinn measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar shláinte na sócmhainní agus ar an riosca go dteipfidh orthu, anois agus amach anseo, agus tograí infheistíochta a chur chun cinn a dtabharfar tosaíocht dóibh bunaithe ar riosca sócmhainne. Chomh maith leis sin, rinneamar anailísí costais is tairbhe ar na cláir infheistíochta líonra.

Cuireann ár bplean PR6 le forbairtí a rinneadh le linn PR5 agus leagtar amach ann an chaoi a bhfuil sé beartaithe againn ár gclár infheistíochta a fhorbairt agus a mhéadú go héifeachtúil chun spriocanna aeráide luathaithe a bhaint amach agus chun tacú le riachtanais dhaonra atá i bhfad níos mó thar an chéad tréimhse eile d'Athbhreithniú ar Phraghsanna.

**Mura luaitear a mhalairt, luaitear an t-airgead go léir a thugtar sa doiciméad seo i dtéarmaí réadacha 2024*

## Dearcadh PR6

Is cuid ríthábhachtach dár mbonneagar náisiúnta é líonra leictreachais na hÉireann. Tá sé mar bhonn agus taca le fás eacnamaíoch, cothaíonn sé ár ngeilleagar nua-aimseartha agus tacaíonn sé le príomhchuspóirí beartais a bhaineann le tithíocht, le fás tionsclaíoch agus leis an athrú aeráide. Tá infheistíocht shubstaintiúil agus leanúnach ag teastáil sa líonra leictreachais idir seo agus 2040 ionas go bhféadfaí na spriocanna atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sa Dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta, i dTithíocht do Chách, sa Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus i bpríomhbheartais agus creataí eile a bhaint amach. Bunaithe ar réamh-mheastacháin sa dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála, táthar á thuar go dtiocfaidh méadú thart ar 1 mhilliún duine ar dhaonra na hÉireann faoi 2040, rud a éilíonn go dtógfar 50,000 teach breise gach bliain le linn PR6.

Beidh gá le dlús a chur le hinfheistíocht ar dtús agus ansin í a mhéadú de réir a chéile idir 2026 agus 2040 chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a nascadh, tacú le leictriú teasa, iompair agus tionscail, agus líonra leictreachais atá slán, iontaofa agus athléimneach a chothabháil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Caithfidh an líonra leictreachais a bheith in ann freastal ar bhuaicéileamh agus ar shreafaí móra leictreachais. Táimid ag súil le méadú ar iarratais ar nascadh de gach méid, agus go mbainfidh custaiméirí reatha níos mó úsáide as an líonra. Éileoidh sé sin infheistíocht in acmhainn bhreise líonra ag gach leibhéal voltais (ardvoltas, meánvoltas agus voltas íseal), chomh maith le bearta chun iontaofacht agus athléimneacht an líonra reatha a mhéadú.

Tá gá le hinfheistíocht leanúnach suntasach a dhéanamh chun an líonra leictreachais reatha a chothabháil. Gan infheistíocht leanúnach, beidh níos mó teipeanna sócmhainní ann agus déanfar níos mó athsholáthair sócmhainní mar fhreagairt air sin agus beidh níos mó éarthaí gan choinne ar chustaiméirí. Déanfar é sin níos measa ag rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide, lena n-áirítear fás níos tapúla ar fhásra, teacht chun cinn speiceas ionrach (lena n-áirítear cnagairí), agus níos mó tarluithe adhaimsire, mar shampla tuile agus gaotha arda. De réir mar a thagann méadú ar an úsáid a bhaintear as an líonra agus ar spleáchas daoine ar leictreachas, beidh gá le níos mó infheistíochta in athsholáthar agus cothabháil sócmhainní. Beidh gá freisin le bearta chun leanúnachas an tsoláthair a fheabhsú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí líonra féinslánaithe uathoibrithe agus cláir bhainistíochta fásra níos forleithne.

Faoi 2030, beidh na milliúin feistí nasctha leis an líonra dáileacháin leictreachais, lena n-áirítear teaschaidéil, feithiclí leictreacha, stóráil ceallraí, foinsí in-athnuaite fuinnimh agus méadair chliste, i gcomhréir le Plean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP24). Caithfidh an líonra a bheith in ann freastal ar na feistí sin agus a bheith réidh le sreafaí leictreachais i bhfad níos casta trasna an chórais a láimhseáil. Éileoidh sé sin oibríochtaí líonra níos cliste agus níos solúbtha, chomh maith le dlúthchomhar leis an oibreoir córais tarchurtha (EirGrid). Cabhróidh solúbthacht le srianta líonra a shárú, le leas a bhaint as infhaighteacht foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus íoslaghdú a dhéanamh ar an ngá le hacmhainn líonra nua sa ghearrthéarma trí bhuaicéileamh a scamhadh.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh (NEDS) solúbthacht 20% go 30% a bhaint amach san éileamh ar fhuinneamh faoi 2030. Tugann bainistiú ar éileamh deis do chustaiméirí fuinnimh ghníomhaigh freagairt do chomharthaí agus a n-úsáid fuinnimh, stóráil fuinnimh agus giniúint áitiúil fuinnimh a choigeartú go dinimiciúil. Éilíonn NEDS ar ESB Networks thart ar 11% den tsolúbthacht sin a chumasú. Chun tomhaltóirí a spreagadh a n-ídiú leictreachais a choigeartú mar fhreagra ar riachtanais an líonra, beidh gá le táirgí agus margaí nua solúbthachta, chomh maith le cláir agus teicneolaíochtaí sofaisticiúla freagartha don éileamh atá in ann athruithe áitiúla ar úsáid a bhrath agus freagairt dóibh. Beidh gá le córais sofaisticiúla faireacháin agus rialaithe, le córais dhigiteacha agus bhainistíochta sonraí, agus le cibearshlándáil fheabhsaithe chun méideanna ollmhóra sonraí digiteacha a láimhseáil ó fhoinsí iomadúla, lena n-áirítear braiteoirí agus feistí cliste, chun oibriú iontaofa agus éifeachtach an líonra a áirithiú.

Agus na hinfheistíochtaí sin á ndéanamh againn, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil sé sin á dhéanamh againn i gcomhthráth le go leor tíortha eile ar fud an domhain. Cruthóidh sé sin dúshláin i dtéarmaí acmhainní, rochtain ar an slabhra soláthair, agus rochtain ar chaipiteal. Tá sé ríthábhachtach cinnteacht a fháil maidir le cistiú, tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn PR5, agus infheistíocht a mhéadú de réir scála chun leibhéil shuntasacha agus inbhuanaithe infheistíochta a dhéanamh le himeacht aimsire chun na rioscaí sin a mhaolú agus chun seachadadh tráthúil tionscadal a chinntiú.

## Custaiméirí a chur i gcroílár na pleanála gnó agus na cinnteoireachta

Agus ár bplean gnó do PR6 á fhorbairt againn, rinneamar teagmháil fairsing le custaiméirí agus páirtithe leasmhara trí chruinnithe déthaobhacha, cuir i láthair, taighde margaidh neamhspleách, agus ár bPáipéar Comhairliúcháin do Pháirtithe Leasmhara PR6 chun a gcuid riachtanas agus ionchas a bhfuil athrú ag teacht orthu a thuiscint. Tríd an bpróiseas sin, tá léargais faighte againn ar thosaíochtaí ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara, agus léirítear iad inár bplean gnó.

Chuir custaiméirí móra agus páirtithe leasmhara béim ar a spleáchas ar acmhainn líonra a bheith ar fáil chun tithe a nascadh, tacú le leictriú, agus tionscadail in-athnuaite a sheachadadh. Tá siad ag iarraidh dearbhú a fháil gur féidir an acmhainn a theastaíonn uathu a sheachadadh go héifeachtach, agus ar luas agus scála cuí. Leagann siad béim ar an ngá atá le seachadadh tapa bonneagair agus tacaíonn siad le hinfheistíocht oirchilleach.

D'inis ár gcustaiméirí baile linn go bhfuil sé tábhachtach dóibh **rochtain a bheith acu ar sholáthar iontaofa leictreachais, fuinneamh in-athnuaite agus uirlisí chun a gcostais a bhainistiú ar bhealach níos fearr**. Mar sin féin, cé go bhfuil tuairim is 70% tar éis a chur in iúl go n-íocfaidís méid breise seachtainiúil as na buntáistí sin, tá thart ar 30% i gcoinne costais bhreise a ghlacadh orthu féin. Tá custaiméirí gnó i gcoinne níos mó costas a ghlacadh orthu féin freisin, agus tá sé curtha in iúl ag FBManna go háirithe nach féidir leo costais leictreachais níos airde a iompar faoi láthair, mar go bhfuil siad ag streachailt cheana féin le costais atá ag dul in airde ar fud an domhain.

Rinneamar na léargais agus na dearcthaí sin a mheas go cúramach agus ár moltaí infheistíochta á bhforbairt againn agus rinneamar iarracht cothromaíocht chuí a bhaint amach inár bplean a thugann aghaidh ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus ár gcustaiméirí go léir.

## Gealltanais Straitéiseacha

Freagraíonn an plean seo do Pháipéar Straitéise PR6 an CRU ina leagtar amach torthaí soiléire do na cuideachtaí líonraí atá le baint amach le linn na tréimhse Athbhreithnithe ar Phraghsanna, lena n-áirítear **leictreachas dícharbónaithe, líonraí agus soláthar slán agus athléimneach**, agus **custaiméirí cumhachtaithe**, mar aon leis na cuspóirí seo a leanas chun seachadadh na dtrí thoradh seo a chinntiú:

- Bonneagar a sheachadadh go tapa
- Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais
- Comhlíonadh na gcaighdeán um shlándáil an tsoláthair a chinntiú
- Líonraí níos cliste, solúbtha agus níos cumasaithe go digiteach a bhrú chun cinn
- Custaiméirí a chur i gcroílár na pleanála gnó agus na cinnteoireachta

Geallann ESB Networks go dtacóidh sé leis na torthaí agus cuspóirí sin, agus go soláthróidh sé líonra fuinnimh atá réidh don Neodracht faoi 2040 i gcomhréir lenár Straitéis Líonraí don Neodracht. Tá gá le freagairt lánchórais chun tacú leis sin, lena dtabharfar aitheantas do nádúr idirnasctha an tírdhreacha fuinnimh agus an gá atá le gníomhaíocht chomhordaithe ar fud na líonraí tarchurtha agus dáileacháin, agus in earnálacha éagsúla den gheilleagar.

## Príomhghnéithe dár bPlean PR6

Tá ár bplean gnó bunaithe ar chás uaillmhianach infheistíochta a léiríonn tábhacht straitéiseach an leictreachais do shochaí na hÉireann agus atá deartha chun cuspóirí beartais náisiúnta ríthábhachtacha a bhaint amach maidir le tithíocht, fás geilleagrach agus gníomhaíocht aeráide. Le linn PR6, táimid ag moladh creat infheistíochta gan aiféala a sholáthróidh luach níos mó do chustaiméirí trí:

- Cur chuige céimnithe agus spriocdhírithe a ghlacadh chun acmhainn líonra a mhéadú, agus úsáid á baint as anailísíocht sonraí chun infheistíochtaí a dhíriú go straitéiseach ar na háiteanna is mó ina bhfuil gá le hacmhainn bhreise agus ar na háiteanna ina mbeidh an tionchar is mó ag ár n-infheistíocht.
- Réitigh chliste, sholúbtha agus dhigiteacha a úsáid chun buaicéileamh a laghdú agus, dá bhrí sin, an méid atreisithe líonra is gá chun acmhainn a mhéadú a íoslaghdú. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le hinfheistíocht a dhéanamh i gcórais oibriúcháin nua, réitigh dhigiteacha agus sonraí, teileachumarsáid, agus cibearshlándáil chun bainistiú gníomhach córais agus rannpháirtíocht custaiméirí a chumasú.
- Úsáid líonra a mhéadú go sábháilte (.i. fás ar éileamh a ionsú trí lódáil ar shócmhainní atá ann cheana a mhéadú) agus úsáid á baint as cur chuige fianaise-bhunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar riocht sócmhainní agus riosca a bhainistiú.
- Creat solúbtha infheistíochta a ghlacadh chun éiginnteacht a bhainistiú.

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an gcaoi a dtacóidh príomhghnéithe ár gclár infheistíochta PR6 leis na torthaí agus na cuspóirí straitéiseacha a shainaithin CRU ina bPáipéar Straitéise PR6.

## Bonneagar iontaofa agus athléimneach

**Acmhainn líonraí a mhéadú:**
Déantar an méid leictreachais is féidir leis an líonra dáileacháin leictreachais a láimhseáil go sábháilte a chinneadh le hacmhainn sócmhainní líonra amhail claochladáin, cáblaí agus seoltóirí, agus feistí cosanta. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith mar thoradh ar rólódáil a leithéid de shócmhainní:damáiste do threalamh, droch-chaighdeán cumhachta, gearrthacha cumhachta, dlús le díghrádú sócmhainní, agus rioscaí sábháilteachta. Ní féidir le líonra dáileacháin na hÉireann freastal ar scéimeanna nua tithíochta, forbairt thionsclaíoch, fás ar an daonra, méadú ar líon na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus fás ar an éileamh ar leictreachas mar gheall ar leictriú, gan infheistíocht bhreise in acmhainn. Tá roinnt dár sócmhainní – go háirithe cuid dár stáisiúin ardvoltais (110 kV agus 38 kV) – rólódáilte mar gheall ar an bhfás tapa atá tagtha ar an éilimh le deich mbliana anuas. Tá na riachtanais acmhainne do 2030 atáthar á dtuar faoi láthair, bunaithe ar bheartas náisiúnta agus spriocanna fáis, ag sárú na hacmhainne reatha i réimsí sonracha ar fud an líonra. Dá bhrí sin, tá infheistíochtaí ollmhóra á moladh againn i mbonneagar líonra ag gach leibhéal voltais (ardvoltas, meánvoltas agus ísealvoltas) lena n-áirítear línte lastuas, cáblaí, claochladáin agus fostáisiúin, le fócas ar leith ar stáisiúin 110 kV chun acmhainn imleor a chinntiú chun freastal ar éileamh ar leictreachas atá ag dul i méid. Tá an infheistíocht sin á díriú ar na háiteanna is mó a bhfuil gá léi inniu, agus ag an am céanna ag tá acmhainn á cruthú le haghaidh fáis sa todhchaí. Leanfaimid ar aghaidh ag tiontú líonra meánvoltais 10 kV (MV) go dtí 20 kV chun caillteanais a laghdú agus chun acmhainn bhreise a sholáthar ar an líonra MV.

**Réitigh nach líonraí iad:**
Tá méadú ar an éileamh ar naisc leictreacha taobh thiar den ghá atá le hacmhainn líonra agus treisithe, rudaí a thógann go leor ama le cur i gcrích. Mar sin féin, má tá custaiméirí sásta a bpatrúin úsáide leictreachais a choigeartú mar fhreagra ar dhreasacht (e.g. íocaíocht sholúbthachta), seans go mbeifear in ann an lód a aistriú ó bhuaic-amanna chun moill a chur ar an ngá atá le hatreisithe líonra traidisiúnta, nó, i gcásanna áirithe, deireadh a chur leis an ngá sin. Chun ár gcinntí faoi infheistíocht i mbonneagair a bharrfheabhsú, úsáideann ESB Networks uirlis ar a dtugtar Mhodheolaíocht Mheastóireachta Choiteann (CEM) chun luach na seirbhísí solúbthachta a chur i gcomparáid le hatreisithe líonra traidisiúnta. Forbraíodh an uirlis seo a dhéanann anailís costais is tairbhe mar chuid de Thionscadal Líonraí Oscailte de chuid Energy Networks Association agus úsáideann DNOnna sa Bhreatain Mhór í. Ina theannta sin, agus mar aitheantas ar an dúshlán acmhainne atá roimh an líonra, is féidir solúbthacht a úsáid freisin chun acmhainn a sholáthar nuair a bhíonn dúshlán ar leith ag baint le hatreisiú líonra traidisiúnta nó nuair nach dtabharfar chun críche é in am chun freastal ar riachtanais ar an éilimh atá ag dul i méid. Sainaithníodh go leor suíomh ina bhféadfaí fás ar éileamh agus buaic-lódáil an fhostáisiúin a éascú le réiteach solúbthachta, mar shampla stóráil ceallraí.

**Clár athsholáthair agus cothabhála sócmhainní bunaithe ar riosca:**
Tá iontaofacht an líonra agus a chumas chun dúshláin amach anseo a sheasamh ríthábhachtach. Rachaidh infheistíocht shuntasach i rith PR6 i dtreo an líonra reatha a chothabháil chun an riosca go dteipfeadh ar threalamh a chosc agus chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag custaiméirí ar sholáthairtí leictreachais a bheidh slán agus leanúnach. De réir mar a ghlacann custaiméirí le teicneolaíochtaí nua ísealcharbóin, beidh muinín na gcustaiméirí as an líonra ag éirí níos tábhachtaí. Gan idirghabháil, beidh 57% de na stáisiúin HV os cionn 60 bliain d'aois in 2040. I gcomhthéacs an bhoinn sócmhainní seo atá ag dul in aois, tá ESB Networks ag moladh raon clár cothabhála agus athsholáthair riosca-bhunaithe chun an dóchúlacht go dteipfeadh ar an trealamh a laghdú agus chun feidhmíocht an líonra a fheabhsú.

Agus úsáid á baint as samhlacha sláinte sócmhainne chun monatóireacht oibiachtúil a dhéanamh ar riocht, tá sé beartaithe againn tosaíocht a thabhairt do na réimsí is mó riachtanas bunaithe ar riosca aitheanta. Ag teacht lenár gcur chuige um infheistíocht oirchilleach, 'Tóg Uair Amháin do 2040', tá sé beartaithe againn réitigh ghiota ar ghiota a sheachaint agus cláir chothabhála agus athsholáthair a sheasfaidh an aimsir a sheachadadh, ar cláir iad a chuirfidh le hathléimneacht líonra agus muid ag druidim le 2050.

Díreoidh mórchláir athsholáthair sócmhainní ar stáisiúin ardvoltais, cuaillí adhmaid, agus línte agus seoltóirí lastuas. Ag an am céanna, tá sé beartaithe againn bainistíocht fásra níos forleithne a chur i bhfeidhm agus feistí uathoibrithe a shuiteáil ar an líonra meánvoltais (MV) chun líon agus fad na ngearrthacha cumhachta gan choinne a laghdú do chustaiméirí.

**Seachadadh Tarchuir:**
Inár ról mar TAO, soláthraímid gach tionscadal bonneagair tarchurtha a thugann EirGrid ar aghaidh mar TSO. Nuair a fhaigheann na tionscadail seo toiliú, aistrítear iad chuig ESB Networks lena seachadadh, áit a dtéann siad trí cheithre phríomhchéim: dearadh mionsonraithe, soláthar, tógáil agus coimisiúnú. Cinntíonn ár bplean go bhfreastalaítear ar bhealach éifeachtach agus tráthúil ar na riachtanais réasúnacha a shainaithin an TSO maidir le soláthairtí leictreachais a chinntiú, comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus tacú le héileamh nua.

Ghlac EirGrid agus ESB Networks cur chuige comhoibríoch atá bunaithe ar shonraí chun clár infheistíochta PR6 a fhorbairt a chomhlíonfaidh spriocanna uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh. Táimid i mbun ullmhúcháin chun clár oibre atá méadaithe go suntasach a sheachadadh thar ceann an TSO, lena n-áirítear 231 thionscadal a sheachadadh agus 138 dtionscadal eile a fhorbairt/a sheachadadh. Tá riachtanais infheistíochta aitheanta ag EirGrid thar ar leibhéal voltais tarchurtha agus in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Is i mBaile Átha Cliath agus in oirthear na tíre atá na riachtanais is mó. Tá sé beartaithe againn cumas tarchurtha nua a thógáil agus sócmhainní reatha a athchóiriú. Tá méid agus scála an bhonneagair atá ag teastáil suntasach. Áirítear leis 27 fostáisiún DSO nua chun toilleadh a sholáthar don chóras dáileacháin, sé fhostáisiún tarchurtha (lena n-áirítear trí fhostáisiún nua bulcsholáthair), 90km de chábla nua 400 kV faoi thalamh, agus athsholáthar 55km de chábla 220 kV faoi thalamh i mBaile Átha Cliath. Mar an TAO, leanfaimid orainn ag cothabháil sócmhainní tarchurtha de réir pleananna arna leagan amach ag an TSO. I rith 2025, de réir mar a thiocfaidh an próiseas Athbhreithnithe ar Phraghsanna ar aghaidh, leanfaimid orainn ag athbhreithniú agus ag nuashonrú na bpleananna seachadta tionscadail tarchurtha agus dáileacháin mhóra.

Tá ESB Networks tiomanta go hiomlán do sheachadadh éifeachtach an chláir tarchuir iomlán in PR6 agus tá raon tionscnamh á gcur i bhfeidhm cheana féin chun seachadadh a éascú. Leanfaimid orainn ag comhordú go dlúth leis an TSO ar phríomhstruchtúir chumasúcháin lena n-áirítear an comhchlár claochlaithe gearrthacha cumhachta agus forbairt clár tarchuir comhtháite.

Mar DSO, tá ESB Networks freagrach as soláthairtí sábháilte, iontaofa leictreachais a chinntiú do gach custaiméir atá nasctha leis an líonra dáileacháin. Soláthraíonn an córas tarchurtha leictreachas don líonra dáileacháin trí bhulcphointí soláthair (BSPanna), arb iad na pointí comhéadain idir an córas tarchurtha agus an córas dáileacháin. Táimid tar éis comhoibriú le EirGrid, an TSO, chun a chinntiú go gcuirtear na BSPanna a theastaíonn chun freastal ar éilimh na gcustaiméirí dáileacháin san áireamh ina gcuid pleananna.

## Leictreachas Dícharbónaithe

**Giniúint dháilte ar scála fóntais:**
Tá coinne againn leis go nascfaidh thart ar 4.4 GW de thionscadail in-athnuaite ar scála fóntais leis an líonra dáileacháin le linn PR6, a raibh 1.6 GW de sin san áireamh sa chonradh do PR5. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le hacmhainneacht a atreisiú ag 25 fhostáisiún agus cúig mhol in-athnuaite a thógáil. Chun dlús a chur le naisc in-athnuaite, tá sé beartaithe againn dhá bhaisc ECP (An Beartas maidir le Naisc Sheasmhacha) a phróiseáil in aghaidh na bliana, agus oibreoimid leis an CRU, EirGrid, agus páirtithe leasmhara níos leithne chun naisc a chuíchóiriú tuilleadh agus chun réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm chun cabhrú le dul i ngleic le srianta acmhainne.

**Mionghiniúint, Micrighiniúint agus Giniúint ar an Mionchóir:**
Tá coinne againn leis go dtiocfaidh méadú thart ar 30% ar iarratais ar Mhionghiniúint, Micrighiniúint agus Giniúint ar an Mionchóir gach bliain mar gheall ar fheabhsuithe teicneolaíochta, tacaíochtaí níos fearr ón rialtas, agus cumas agus saineolas ag dul i méid ar fud an tionscail. Chun tacú leis an bhfás sin agus chun oiriúnú do na patrúin úsáide líonra a mbeidh athrú ag teacht orthu, tá sé beartaithe againn athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhorbairtí agus freagairt chuí a thabhairt orthu lena chinntiú go mbeifear ag freastal ar riachtanais custaiméirí agus an líonra. Mar chuid dár n-infheistíocht, tá sé beartaithe againn córais a fhorbairt chun sonraí a ghabháil agus a rianú ionas go mbeifear in ann tuairisciú cruinn a dhéanamh maidir leis an sprioc sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de bhreis agus 2.5 GW de ghrianchumhacht neamhfhóntais faoi 2030.

**Ullmhú do líonra na todhchaí:**
De réir mar a éiríonn an líonra dáileacháin níos casta mar gheall ar fhuinneamh in-athnuaite, feithiclí leictreacha, teaschaidéil, stóráil agus acmhainní fuinnimh dáilte eile a chomhtháthú, glacfaidh ESB Networks ról níos gníomhaí i mbainistiú sreafaí fuinnimh chun na ceanglais atá leagtha amach sa phacáiste Fuinneamh Glan do Gach Eorpach, sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus sa Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh a chomhlíonadh.

Le linn PR6, leanfaimid orainn ag ullmhú le haghaidh oibríochtaí líonra solúbtha agus margaí solúbthachta trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar teileachumarsáide, i gcórais bhainistíochta oibriúcháin nua, agus i mbainistíocht sonraí agus i ndigitiú. Tá gá leis sin chun an córas a oibriú go héifeachtach, agus chun sreafaí sonraí agus leictreachais idir na milliúin acmhainní fuinnimh dáilte a bhainistiú (i.e. feirmeacha gaoithe, painéil ghréine, teaschaidéil, EVanna, méadair chliste, etc.).

Trínár bhfoireann nuabhunaithe Margaí Dáilte agus Oibríochtaí Córais, tá sé beartaithe againn díriú ar na trí shnáithe gníomhaíochta seo a leanas:

- ***Claochlú ar Smart+ agus miondíol:*** Cuirfidh ár n-infheistíochtaí i PR6 le rolladh amach méadar chliste agus leis an Ionad Oibríochtaí um Méadrú Cliste (SMOC) agus leis an oifig rochtana sonraí chun cumais mhéadair chliste agus cásanna úsáide sonraí a uasmhéadú (de réir an Chóid Rochtana Sonraí um Méadair Chliste).
- ***Claochlú ar oibríochtaí:*** Tá sé beartaithe againn tabhairt faoi uasghráduithe ar phríomhchórais oibríochtaí, lena n-áirítear monatóireacht agus rialú feabhsaithe, comhtháthú teicneolaíochtaí nua, agus bearta slándála feabhsaithe chun tacú le bainistiú gníomhach líonra.
- ***Claochlú ar an margadh solúbthachta:*** Tá sé beartaithe againn ár dtairiscint táirgí a bheachtú agus a fhorbairt (agus rannpháirtíocht leathan le custaiméirí mar bhonn agus mar thaca againn) chun leachtacht an mhargaidh solúbthachta a mhéadú. Déanfar an leachtacht mhargaidh sin atá ag dul i méid a bhainistiú trí infheistíochtaí in ardáin/teicneolaíochtaí nua tosaigh agus cúil.

## Custaiméirí a Chumhachtú

**Eispéireas an Chustaiméara:**
Tiocfaidh athruithe suntasacha ar an gcaoi a n-úsáideann custaiméirí leictreachas agus a n-idirghníomhaíonn siad leis an líonra leictreachais sna deich mbliana atá romhainn, mar thoradh ar an nglacadh le teicneolaíochtaí ísealcharbóin amhail teaschaidéil, feithiclí leictreacha, agus méadair chliste.

Tá bearta breise beartaithe againn chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú trí thurais lárnacha custaiméirí a dhigitiú, táirgí solúbthachta a sheoladh, agus léargais a thabhairt do chustaiméirí ar a n-úsáid leictreachais, bunaithe ar shonraí ó mhéadair chliste. Infheistíocht thábhachtach mar chuid de sin a bheidh san infheistíocht inár n-ardán One Customer View (Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí), rud a thabharfaidh níos mó roghanna do chustaiméirí maidir le conas agus cathain a idirghníomhaíonn siad linn. Táimid ag iarraidh leanúint le cultúr ina dtugtar tús áite don chustaiméir a leabú, bunaithe ar chlár sofaisticiúil 'guth an chustaiméara', agus soláthróimid tacaíocht fheabhsaithe do ghníomhairí tríd an Ionad Náisiúnta Teagmhála Custaiméirí (NCCC) i Wilton, Corcaigh, a láimhseálann thart ar 1.4 mhilliún glao, ríomhphost agus fiosrúchán ar na meáin shóisialta ó chustaiméirí gach bliain. Tá sé beartaithe againn freisin dul i dteagmháil le custaiméirí leochaileacha agus custaiméirí atá i mbaol a bheith eisiata ón aistriú fuinnimh chun tuiscint a fháil ar a riachtanais uathúla, agus chun a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí cuimsitheach agus inrochtana.

Tá sé beartaithe againn creat aibíochta a chur ar bun ina dtabharfar tús áite do chustaiméirí mar uirlis chun leibhéil níos airde sásaimh agus eispéireas custaiméirí a bhaint amach, rud a spreagfaidh cur chuige atá níos dírithe ar an gcustaiméir ar fud ESB Networks ar deireadh.

**Custaiméirí nua a nascadh:**
Tá coinne againn leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar iarratais ar naisc nua le linn PR6, agus iad á spreagadh ag fás ar spriocanna tithíochta, fáis agus leictrithe. Mhéadaigh líon na n-iarratas nua ar naisc custaiméirí ó thart ar 30,000 in aghaidh na bliana in 2021 go dtí thart ar 41,000 in 2023, agus measaimid go méadóidh sé sin arís go dtí os cionn 50,000 le linn PR6, de bharr spriocanna tithíochta athbhreithnithe ar dócha go nglacfar leo thar shaolré an phlean. Chomh maith le tithe nua, feirmeacha agus gnólachtaí a nascadh, tá sprioc ann suas go dtí 500,000 aisfheistiú tí a chur i gcrích faoi 2030 faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP24). Éileoidh sé sin ar ESB Networks cáblaí leictreacha a dhícheangal go sealadach (agus a athcheangal ina dhiaidh sin) chun insliú seachtrach a shuiteáil. Tá méadú ag teacht ar iarratais ar naisc ó chustaiméirí móra i roinnt earnálacha, agus táimid ag fanacht leis an toradh a bheidh ar chinneadh maidir le húsáideoirí rímhóra fuinnimh, lena n-áirítear ionaid sonraí, a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar riachtanais acmhainne líonra amach anseo.

## Ár gcur chuige i leith seachadta

**Dlús a chur le Seachadadh:**

Tá an chuma ar an scéal go mbeidh PR6 ar an gclár infheistíochta is mó riamh i stair ESB Networks agus beidh gá le níos mó ná 500 mórthionscadal caipitil a sheachadadh. Tá an scála infheistíochta seo riachtanach chun freastal ar éilimh ar an líonra leictreachais a eascraíonn as fás ar an daonra, forbairt eacnamaíoch agus gníomhú ar son na haeráide. Bheadh dúshlán ag baint le scálú suas chun clár uaillmhianach infheistíochta den sórt sin a chomhlíonadh de ghnáth, ach déantar na dúshláin níos mó mar gheall ar iomaíocht dhomhanda le haghaidh hacmhainní, cur isteach ar an slabhra soláthair, éagobhsaíocht gheopholaitiúil, srianta líonra (agus gearrthacha cumhachta), agus bonneagar atá ag dul in aois.

Le linn PR6, leanfaimid le bearta a chur i bhfeidhm, a bheachtú agus a leathnú chun athléimneacht an lucht saothair a mhéadú, dul i mbun conarthaí creata a sholáthrófar go hiomaíoch chun ábhar a sholáthar roimh ré, agus bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm.

Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh ag glacadh le modhanna nua-aimseartha tógála lena n-áirítear modúlú, obair a aistriú ó pháirc go monarcha chun dlús a chur le seachadadh agus chun riosca a laghdú. Táimid ag tógáil slabhra soláthair níos athléimní freisin trínár mbonn soláthraithe a éagsúlú, trí dhearaí a chaighdeánú, trí réamhordú a dhéanamh, agus trínár n-áiseanna stórála a mhéadú chun moilleanna gan ghá a sheachaint.

**Infheistíocht Oirchilleach:**

I gcomhthéacs na tithíochta luathaithe, an fháis eacnamaíoch, agus na spriocanna aeráide, beidh sé riachtanach leibhéal an-suntasach infheistíochta sa líonra a mhéadú agus a chothabháil as seo go dtí 2040. Is é an bealach is éifeachtaí chun é sin a dhéanamh ná cur chuige um infheistíocht oirchilleach a ghlacadh ('Tóg Uair Amháin do 2040'), nuair is féidir. Is éard atá i gceist leis sin ná tionscadail a dhearadh anois chun freastal ar na riachtanais a mheastar a bheidh ag custaiméirí in 2040, fiú más dócha nach dtiocfaidh an t-éileamh gaolmhar ar leictreachas chun cinn sa ghearrthéarma. Tá sé sin ag teacht le hathchóirithe dearaidh i margadh leictreachais an AE agus leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le hEangacha, a chuireann infheistíocht oirchilleach chun cinn mar bhealach chun dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide. Inár bplean PR6, tá an infheistíocht chun acmhainn líonra breise a sheachadadh (féach Cuid 6.2) bunaithe ar chur chuige infheistíochta spriocdhírithe, atá bunaithe ar na srianta acmhainne aitheanta faoi láthair, chomh maith leis an bhfás ar éileamh réigiúnach a bhfuil coinne leis. Tá sé beartaithe againn gan an cur chuige 'Tóg Uair Amháin do 2040' a úsáid ach amháin nuair a bhíonn ciall leis, lena chinntiú nach ndéanaimid ró-infheistíocht le linn PR6.

## Cumais Bhunúsacha

**Dlús a chur le digitiú agus sonraí:**
Braitheann ESB Networks ar chroíchórais TF chun an líonra a oibriú agus a bhainistiú agus chun ár n-oibleagáidí ceadúnais a chomhlíonadh. Tá gá le hinfheistíocht shuntasach leanúnach chun na córais sin a chothabháil agus chun iad a choinneáil cothrom le dáta. Tá sé sin riachtanach don leanúnachas gnó, don chibearshlándáil, agus don táirgiúlacht. Le linn PR6, tá sé beartaithe againn na hinfheistíochtaí sin i gcroíchórais TF a ghiaráil chun dlús a chur leis an úsáid a bhainimid as digitiú agus sonraí, chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, éifeachtúlacht líonra a fheabhsú, agus táirgiúlacht a spreagadh. Táimid ar an mbealach chun bheith inár bhfóntas iomlán digitithe, rud a sholáthróidh deiseanna nua freisin chun sonraí a úsáid chun cinnteoireacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Tacóidh infheistíochtaí i TF agus i gcórais oibriúcháin nua le líonra leictreachais níos cliste agus níos solúbtha a fhorbairt freisin, trí chumas a sholáthar chun sreafaí sonraí agus cumhachta a bhainistiú, trí níos mó foinsí in-athnuaite a chomhtháthú, agus trí chustaiméirí a chumhachtú trí mhargaí nua solúbthachta. Cuirfidh na córais sin bonn ar fáil chun sreafaí casta sonraí agus fuinnimh timpeall an líonra a bhainistiú agus cumasóidh siad raon úsáidí atá dírithe ar an gcustaiméir, rud a mhéadóidh éifeachtúlacht, a thacóidh le cinnteoireacht agus a dhéanfaidh seachadadh a chuíchóiriú.

**Cur le sábháilteacht agus inbhuanaitheacht chomhshaoil:**
Sainmhíníonn na Náisiúin Aontaithe inbhuanaitheacht mar fhreastal ar riachtanais an lae inniu gan bhaint de chumas na todhchaí. Cé go ndíreofar an chuid is mó dár n-infheistíocht PR6 i dtreo na dtrí Sprioc Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (7,9, agus 13) inar féidir linn an difríocht is inláimhsithe agus is buaine a dhéanamh, tá sé beartaithe againn inbhuanaitheacht a leabú i gcroílár gach a ndéanaimid le linn PR6. Inár straitéis bhithéagsúlachta 'Networks for Nature' a foilsíodh le déanaí, leagtar amach ár dtiomantas do chur chuige athghiniúnach i leith na bithéagsúlachta agus pobail. Tá sé beartaithe againn ceannaireacht a léiriú trí leanúint lenár bhflít veaineanna buí a leictriú, foirgnimh a uasghrádú chun ár spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, agus infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh a chosnaíonn sábháilteacht an phobail agus na ndaoine a oibríonn ar an líonra. Tá sé beartaithe againn freisin an tacaíocht a fheabhsú do chustaiméirí leochaileacha agus do chustaiméirí atá i mbaol a bheith fágtha taobh thiar de bharr an aistrithe fuinnimh trí sheirbhísí feabhsaithe a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach éagsúlacht inár bhfórsa saothair féin a chothabháil chun tacú lenár mbonn éagsúil custaiméirí, agus tá sé beartaithe againn tuilleadh tionscnamh a bhrú chun cinn chun éagsúlacht, comhionannas, cuimsiú agus muintearas a thógáil ar fud ár n-eagraíochta.

**Straitéis maidir leis an lucht saothair:**
Chun a chinntiú go mbeidh na scileanna cuí againn chun ár gclár PR6 a sheachadadh, tá straitéis maidir le hathléimneacht an lucht saothair forbartha againn a dhíríonn ar shealbhú, coinneáil agus forbairt tallainne ar feadh shaolré iomlán an fhostaí, ó earcaíocht go dtí dul ar scor. Is é an aidhm atá leis sin ná fórsa saothair athléimneach, oilte, inoiriúnaithe agus éagsúil a chothú atá in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le tionscal atá ag athrú go tapa. Tá ár bplean dírithe ar fhás cuimsitheach, agus a chinntiú go mbíonn deis ag gach fostaí forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh laistigh den eagraíocht.

## Infheistíocht bheartaithe agus neamhchinnteacht a bhainistiú

Tugann Tábla 1 thíos forbhreathnú ar an infheistíocht atá beartaithe do PR6, a thaispeánann go bhfuil sé mar aidhm againn clár dar luach €13.4 bhilliún a chur i bhfeidhm. Tar éis anailís a dhéanamh ar na héiginnteachtaí agus na rioscaí bunúsacha maidir le tionscadal a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcás clár chomh mór sin, táimid ag moladh infheistíocht bhunlíne tosaigh de €10.1 bhilliún thar thréimhse an Athbhreithnithe ar Phraghsanna. Is é an moladh atá againn ná go socrófar liúntais infheistíochta caipitil tosaigh ag an méid níos ísle sin, €10.1bn, a dhéanfar é a thiontú go hioncam chun deis a thabhairt dúinn ár ngníomhaíochtaí do PR6 a mhaoiniú. Sa chás nach dtiocfaidh rioscaí chun cinn, nó go maolófar iad, beidh sé mar aidhm againn méid chomh gar agus is féidir don €13.4bn iomlán a úsáid chun an clár a chur i bhfeidhm.

Táimid ag moladh go n-úsáidfí sásra solúbtha infheistíochta, ina mbeadh caiteachas beartaithe os cionn na bunlíne de €10.1bn faoi réir cheadú an CRU le linn na tréimhse Athbhreithnithe ar Phraghsanna. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí measúnú níos dinimiciúla a dhéanamh ar an infheistíocht iomlán le linn na tréimhse 2026 go 2030. Cur chuige eile a d'fhéadfaí a ghlacadh ná an €13.4bn iomlán a chur san áireamh roimh ré, méid a ghearrfaí ar chustaiméirí ón tús, rud a chreidimid nach léireodh na rioscaí seachadta bunúsacha atá sa chlár.

Rachaidh cuid shuntasach den infheistíocht sa chás bunlíne i dtreo acmhainn mhéadaithe an líonra chun freastal ar ghiniúint in-athnuaite agus éileamh atá ag dul i méid a bhaineann le tithíocht, fás eacnamaíoch, agus freastal ar na spriocanna leictrithe sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

### Tábla 1: Forbhreathnú ar an infheistíocht atá beartaithe do PR6: Uimhreacha faoi réir slánaithe

| Cur síos (€' bn) | Cinneadh PR5 | PR6 (Bunlíne) | PR6 (Bunlíne + AIF) |
|---|---|---|---|
| **Custaiméirí a chumhachtú (lena n-áirítear Gnó Nua)** | 0.8 | 1.3 | 1.3 |
| **Margaí Dáilte agus Oibriú Córais (DMSO)** | 1.2 | 1.0 | 1.2 |
| **Atreisiú an Líonra** | 0.6 | 2.2 | 2.6 |
| **Naisc Ghineadóra** | 0.2 | 0.3 | 0.4 |
| **Bonneagar Iontaofa agus Athléimneach (Bainistíocht Sócmhainní)** | 0.6 | 1.0 | 1.2 |
| **Tarchur** | 1.4 | 3.4 | 5.9 |
| **Cumais Bhunúsacha** | 0.4 | 0.8 | 0.8 |
| **Iomlán** | **5.2** | **10.1** | **13.4** |

## An Plean a Mhaoiniú

Tá ESB Networks ag tabhairt faoi chlár infheistíochta fairsing, atá i bhfad ó 'ghnó mar is gnách'. Mairfidh an clár infheistíochta seo níos faide ná PR6 agus, mar gheall ar a scála agus a thábhacht straitéiseach, ní mór do ESB Networks oiriúnú do riosca níos airde sa phróiseas. Beidh cumas ESB Networks an scála infheistíochta atá leagtha amach sa phlean seo a chur i bhfeidhm ag brath ar ár láidreacht airgeadais.

Tá athrú mór tagtha ar thírdhreach na margaí caipitil ó PR5. Mar fhreagra ar shuaití domhanda éagsúla, tá deireadh tagtha le tréimhse an bheartais mhaicreacnamaíoch thar a bheith scaoilte. Le cúpla bliain anuas, tá ardú suntasach tagtha ar rátaí úis agus ar ár gcostas iasachtaithe.

Is ann do na dúshláin sin tráth ina bhfuil go leor deiseanna iomaíocha ag infheisteoirí (tionscadail, cuideachtaí agus réigiúin) inar féidir leo caipiteal a chur, agus tíortha ar fud an domhain ag lorg dul chun cinn tapa i dtreo todhchaí dícharbónaithe freisin. Mar thoradh air sin, tá líonraí leictreachais ar fud an domhain ag dul i ngleic le dian-iomaíocht dhomhanda do chaipiteal ón iliomad tionscadal atá dírithe ar thacú le hiarrachtaí dícharbónaithe i ngach tír.

Chun an clár uaillmhianach seo a mhaoiniú, ní mór do ESB Networks rochtain leanúnach ar chaipiteal ar rátaí réasúnta a choinneáil ar bun. Tá sé ríthábhachtach meánchostas ualaithe caipitil iomchuí a shocrú ag 4.23% (ailínithe leis an sprioc-rátáil chreidmheasa a socraíodh ag BBB+/A- ar a laghad) chun rochtain ar chaipiteal a chinntiú. D'fhéadfadh mí-ailíniú sna torthaí ceadaithe cumas ESB Networks chun an t-airgead riachtanach a chruinniú a chur i mbaol, rud a dhéanfadh aimhleas do thomhaltóirí. Tacaíonn oibleagáidí soiléire dlíthiúla a bhaineann le cumas maoinithe, cinntí rialála roimhe seo agus rátálacha creidmheasa atá ag cuideachtaí líonra comhchosúla leis sin.

Leis an moladh infheistíochta bunlíne, cuirtear plean ar fáil a mheastar a bheifear in ann a mhaoiniú ó thaobh an Athbhreithnithe ar Phraghsanna de. Agus 5 bliana na tréimhse Athbhreithnithe ar Phraghsanna á gcur san áireamh, is thart ar €4.6 billiún atá sa difríocht idir na heisíocaíochtaí ainmniúla iomlána measta agus an t-ioncam iomlán réamh-mheasta. Má choinnítear an ghiaráil ag 55% den Bhonn Sócmhainní Rialaithe, de réir na samhla rialála, is féidir timpeall €3.7 mbilliún a mhaoiniú trí mhéadú ar iasachtaí. Fágann sé sin go mbeadh thart ar €1 billiún fós le maoiniú, agus dhéanfaí é sin le cothromas de ghnáth.

Tá inmhaoinitheacht an cháis bhonnlíne + AIF fós gan réiteach inár n-aighneacht plean gnó agus beidh gá lena bhreithniú tríd an bpróiseas PR6. Ina theannta sin, bheadh an riachtanas maoinithe iarmharach de thart ar €1 bhilliún sa phlean bonnlíne, dá dtagraítear thuas, i bhfad níos mó faoin gcás bunlíne + AIF.

Is faoi BSL ar deireadh é, mar úinéir na sócmhainní, infheistíocht sna líonraí a mhaoiniú. Samhlaíonn ESB Networks go mbeidh gá le réiteach idir BSL agus Stocshealbhóirí Aireachta BSL maidir leis na riachtanais iarmharacha maoinithe sin, faoin dá chás, sula socrófar an cinneadh deiridh do PR6.

## Tionchar ar bhillí custaiméirí

Tá Éire ag dul trí phróiseas chun ár gcóras fuinnimh a athchalabrú go bunúsach; chun imeacht ó bhreoslaí iontaise ardcharbóin le haghaidh téimh agus iompair agus chun dul i dtreo leictreachais ghlain, inbhuanaithe. Beidh tairbhí móra don tsochaí mar thoradh air sin, lena n-áirítear neamhspleáchas fuinnimh níos fearr, feabhsuithe ar cháilíocht an aeir, laghdú carbóin, agus ar deireadh thiar, coigilteas costais. Mar sin féin, tá gá le hinfheistíocht shuntasach agus leanúnach sa líonra leictreachais go dtí 2040 le gur féidir an t-aistriú sin a dhéanamh.

D'éisteamar go cúramach lena bhfuil ráite ag custaiméirí agus geallsealbhóirí linn faoina riachtanais agus faoina dtosaíochtaí, agus faoina dtoilteanas íoc astu. Is eol dúinn go maith na harduithe ar chostais mhaireachtála a bhí ar chustaiméirí glacadh leo le blianta beaga anuas agus an tionchar a bhí aige sin ar chustaiméirí baile agus ar chustaiméirí gnó araon.

Léiríonn Fíor 2 thíos na méideanna seachtainiúla a thug custaiméirí baile le fios go bhfuil siad sásta íoc as soláthar iontaofa, rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite, agus rialú níos fearr ar a gcostas leictreachais.

### Fíor 2: Suimeanna seachtainiúla atá custaiméirí baile sásta a íoc as soláthar iontaofa

Tá croíghrúpa; idir duine as gach ceathrar agus 30% ag brath ar an tairbhe arna meas, i gcoinne aon rud breise a íoc ar bhonn seachtainiúil chun tairbhiú de líonra níos iontaofa, rochtain ar fhuinneamh in-athnuaite, nó rialú níos fearr ar chostais




Mar sin féin, cé go bhfuil tuairim is 70% tar éis a chur in iúl go n-íocfaidís méid breise seachtainiúil as na tairbhí sin, tá thart ar 30% i gcoinne aon chostais bhreise a ghlacadh orthu féin. Tá custaiméirí gnó i gcoinne níos mó costas a ghlacadh orthu féin freisin, agus tá sé curtha in iúl ag FBManna go háirithe nach féidir leo costais leictreachais níos airde a iompar faoi láthair.

I bhfianaise scála na hinfheistíochta atá riachtanach chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí agus na bpáirtithe leasmhara le linn PR6, tá sé tábhachtach go bhfanaimid éifeachtach agus go ndéanaimid bainistíocht ar rioscaí go héifeachtach chun costais mhíchuí a sheachaint ar chustaiméirí. Is ar an gcúis sin atá an AIF atá leagtha amach thuas á mholadh againn, mar tugann sé deis dúinn chlár oibre an-uaillmhianach a chur i bhfeidhm le linn PR6 gan a bheith ar chustaiméirí comhaontú le costais a bhfuil seans nach dtiocfaidh siad chun cinn le linn PR6.

Faoin tsamhail rialála, déantar infheistíocht sa líonra leictreachais a aisghabháil trí bhillí custaiméirí san fhadtéarma, rud a chiallaíonn nach mbíonn ar chustaiméirí buaic infheistíochta a mhaoiniú sa ghearrthéarma laistigh de thréimhse Athbhreithnithe ar Phraghsanna. Ina ainneoin sin, bheadh méadú ar tháillí an líonra dáileacháin ar bhillí na gcustaiméirí mar thoradh ar ár gcás infheistíochta bunlíne, mar gheall ar scála iomlán an chláir infheistíochta.

Is é thart ar €254 in aghaidh na bliana an gnáthchostas reatha do chustaiméir baile as táillí dáileacháin chun infheistíocht agus costais oibríochta a mhaoiniú don líonra dáileacháin leictreachais. Is cuid é sin de bhille leictreachais iomlán an chustaiméara, atá, ar an meán, díreach os cionn €1,900 lena n-áirítear CBL in aghaidh na bliana do chustaiméir baile. Meastar go dtiocfaidh fás thart ar 3% ar an meán ar an éileamh dáileacháin i rith PR6, rud a fhágann go dtiocfadh meánmhéadú thart ar 33% ar phraghas aonaid le haghaidh táillí dáileacháin le linn na tréimhse go dtí 2030 faoin gcás infheistíochta bunlíne atá beartaithe. Thabharfadh sé sin an gnáthchostas líonra dáileacháin do chustaiméirí baile ó €254 in aghaidh na bliana go €337 in aghaidh na bliana ar an meán le linn na tréimhse. Léiríonn sé sin méadú thart ar €1.60 in aghaidh an chustaiméara in aghaidh na seachtaine le linn na tréimhse, roimh aon bhoilsciú. Theastódh méaduithe comhchosúla do chustaiméirí gnó atá nasctha leis an líonra dáileacháin.

Is ionann é sin agus ardú iomlán thart ar 4.8% ar bhille leictreachais bliantúil gnáthchustaiméir tí le linn PR6 ag baint úsáide as praghas measta leictreachais an lae inniu. Aon infheistíocht os cionn ár n-infheistíocht bhunlíne bheartaithe de €10.1bn (agus muid ag iarraidh an clár iomlán tarchuir agus dáileacháin a sheachadadh), chuirfeadh sé sin méadú breise ar an tionchar ar bhillí na gcustaiméirí.

Táimid ag tuar go ndéanfaidh an méadú breise thart ar 33% ar tháillí dáileacháin do chustaiméirí le linn PR6 freastal ar:

- Atreisithe suntasacha ar an líonra chun acmhainneacht a sholáthar chun tithe a nascadh, tacú le fás eacnamaíoch, agus leictriú a chur chun cinn.
- Cothabháil agus athsholáthar sócmhainní líonra atá ann cheana chun soláthairtí leictreachais atá sábháilte, iontaofa agus athléimneach a chinntiú do chustaiméirí anois agus amach anseo.
- Cur i bhfeidhm theicneolaíochtaí uathoibrithe agus bhainistiú fásra níos fearr chun gearrthacha cumhachta gan choinne a laghdú do chustaiméirí.
- Líonra níos cliste agus níos solúbtha a fhorbairt a bheidh in ann sreafaí leictreachais idir na milliúin feistí dáilte a láimhseáil go sábháilte agus go slán (e.g. painéil ghréine, EVanna, teaschaidéil).
- Uirlisí, táirgí agus struchtúir mhargaidh nua chun cumhacht a thabhairt do chustaiméirí níos mó smachta a ghlacadh ar a gcostais fuinnimh.
- Méideanna níos mó d'obair atá faoi thionchar custaiméirí, lena n-áirítear naisc do thithíocht agus ghnóthaí nua.
- Naisc shuntasacha le haghaidh giniúint in-athnuaite, ó ghrianphainéil ar dhíonta tí go dtí giniúint ar scála mór fóntais.

## Éifeachtúlacht a chinntiú

Ag deireadh PR4, choimisiúnaigh ESB Networks tagarmharcáil neamhspleách ar ár gcostais choibhneasta i gcomparáid leis na costais a thabhaigh cuideachtaí dáileacháin leictreachais na Breataine Móire. Dheimhnigh an anailís sin go raibh ESB Networks éifeachtach, i gcoibhneas leis na meánchostais a thabhaigh cuideachtaí dáileacháin na Breataine Móire. Agus muid ag aistriú go PR5, chuireamar méadú mór ar ár scála infheistíochta i gcomparáid le PR4 (ó €3.2bn i gcaiteachas caipitil le linn PR4 go dtí €5.0bn tuartha do PR5 – airgead 2024 ar fad).

Choimisiúnaigh ESB Networks anailís neamhspleách chomhchosúil chun éifeachtacht ár gcostas a mheas le linn na tréimhse PR5. Baineadh de thátal as an anailís sin go raibh costais ESB Networks le haghaidh PR5 éifeachtach, fiú leis an méadú ar chaiteachas i gcomparáid le PR4. Go sonrach, tá caiteachas iomlán ESB Networks (gan capex a bhaineann le lód san áireamh) 6.7% níos éifeachtaí, ar an meán, ná meánleibhéal éifeachtúlachta DNOanna na Breataine Bige thar thréimhse PR5.

Maidir le PR6, tá ESB Networks ag lorg liúntais chostais atá os cionn chostais na bonnbhliana go hábhartha mar gheall ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, tá sé beartaithe againn seachadadh a mhéadú go suntasach i bhformhór na gclár oibre atá ann cheana féin agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí nua. Áirítear orthu sin méid mór MW d'acmhainneacht dáileacháin bhreise a chur ar fáil chun buaicéileamh agus an t-éileamh iomlán a bhfuil méadú tagtha orthu a bhainistiú agus níos mó fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú – iad ar fad i bhfad níos airde ná mar a bhí in PR5. Ina theannta sin, beidh líon níos mó nasc nua le custaiméirí ann, agus clár tarchuir leathnaithe chun tacú le cuspóirí dícharbónaithe. Tá feidhm nua Margaí Dáilte agus Oibriú Córais (DMSO) á bunú againn freisin.

Ar an dara dul síos, tá costais mhéadaithe ag baint le dúshláin maidir le hacmhainní conartha seachtracha agus ábhair slándála a fháil. Tá na méaduithe sin mar thoradh ar phróisis iomaíocha soláthair, a chinntigh go ndéantar tástáil mhargaidh ar na rátaí níos airde.

Mar sin féin, táimid fós tiomanta d'éifeachtúlachtaí a uasmhéadú tríd an ngnó a eagrú chun seachadadh a dhéanamh ar bhealach níos tapúla agus níos costéifeachtaí, trí leas a bhaint as coigilteas costais ó thionscnaimh sonraí agus digitithe, agus trí sholúbthacht a úsáid nuair is féidir.

## Buntáistí do Chustaiméirí

Ó bunaíodh é, tá ról lárnach ag ESB Networks i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann. Leis na hinfheistíochtaí a dhéanfaimid le linn PR6, tabharfar aghaidh ar riachtanais láithreacha na gcustaiméirí agus leagfar síos an bonn le haghaidh todhchaí ghlan leictreach. Aithnímid an ról uathúil atá againn mar chatalaíoch don athrú agus ár bhfreagracht as croí-bhonneagar leictreachais a sheachadadh chun freastal ar riachtanais dhaonra na hÉireann atá ag dul i méid agus chun an t-aistriú go dtí an Neodracht a chumasú faoi 2050. Tá achoimre thíos ar phríomhbhuntáistí ár bplean.

**Bonneagar iontaofa agus athléimneach**

Déanann ár bplean gnó soláthar d'infheistíocht shuntasach in atreisithe acmhainne líonra chun nascadh tráthúil gineadóirí in-athnuaite a chumasú agus chun freastal ar an éileamh ar leictreachas atá ag dul i méid mar gheall ar fhorbairtí nua tithíochta, fás tionsclaíoch, agus leictriú teasa, iompair agus tionscail. Laghdóidh an infheistíocht seo an lódáil ar shócmhainní líonra, laghdóidh sí na rioscaí a bhaineann le teip trealaimh, agus soláthróidh sí acmhainn spriocdhírithe i bpríomhcheantair uirbeacha ardfháis de réir éileamh na gcustaiméirí atá ag dul i méid.

Soláthróidh na hoibreacha atreisithe acmhainne atá beartaithe toilleadh ag gach leibhéal voltais, lena n-áirítear bloic mhóra de spás cloiginn breise ag fostáisiúin nua. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas naisc le custaiméirí a bhrostú. Áireofar ar an acmhainn bhreise:

- 562 MW d'acmhainn dhocht chlaochladáin ag 110 kV i mBaile Átha Cliath
- 1.1 GW d'acmhainn dhocht chlaochladáin ag 38 kV (ar fud na tíre)
- 1.5 GW d'acmhainn dhocht chlaochladáin ag meánvoltas (ar fud na tíre)

Chomh maith le níos mó nasc custaiméara a chumasú, fágfaidh an acmhainn bhreise sa chóras go mbeifear in ann níos mó gearrthacha cumhachta a dhéanamh. Leis sin, beifear in ann oibreacha cothabhála agus athsholáthair sócmhainní a dhéanamh, rudaí atá riachtanach chun **sábháilteacht, iontaofacht agus athléimneacht an líonra** a fheabhsú. Éascóidh an infheistíocht seo **leictriú** freisin trí níos mó acmhainne a sholáthar ag leibhéal meánvoltais, agus cinnteoidh sé go gcoimeádfar cáilíocht voltais, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfaidh an chumhacht arna seachadadh na caighdeáin cháilíochta cumhachta atá riachtanach. Méadóidh uasghráduithe ar an líonra MV éifeachtúlacht trí chaillteanais líonra a laghdú agus soláthrófar tairbhí comhshaoil.

Chomh maith le hatreisithe acmhainne, tá infheistíocht shuntasach in **iontaofacht agus athléimneacht an líonra** san áireamh inár bplean, rud a léirigh ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara mar thosaíocht. Áiritheoidh an infheistíocht seo (lena n-áirítear cothabháil spriocdhírithe agus athsholáthar sócmhainní, imlonnú feistí uathoibrithe ar an líonra MV, agus méadú ar an mbainistiú fásra) go bhfanfaidh an líonra leictreachais iontaofa agus athléimneach, fiú i bhfianaise méadú ar an éileamh agus imeachtaí aeráide suaiteacha.

Cuirfidh sé sin le laghdú ar mhinicíocht agus ar fhad ghearrthacha cumhachta gan choinne, ionas go mbeidh sé beartaithe againn, faoi 2030, Nóiméid Chaillte Chustaiméirí (CML) a laghdú go 75 nóiméad in aghaidh na bliana agus Éarthaí Custaiméara (CI) a laghdú go 90 nóiméad in aghaidh na bliana. Laghdú 25% a bheadh ansin ar mheántréimhse iomlán na bhfabhtanna a bhíonn ag custaiméirí faoi láthair. Tá tuilleadh sonraí ar na sainchláir oibre atá beartaithe chun é sin a bhaint amach i gCaibidil 6. Soláthróidh na hinfheistíochtaí sin córas leictreachais níos sábháilte agus níos iontaofa.

**Leictreachas dícharbónaithe**

Tacóidh na hinfheistíochtaí a dhéanfaimid le linn PR6 go díreach le dícharbónú agus cuideoidh siad le spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Tacóidh ár n-infheistíocht le 4.4 GW de thionscadail giniúna in-athnuaite ar scála fóntais a nascadh leis an líonra dáileacháin, chomh maith le fás bliantúil 30% ar Mhion-Ghiniúint, Micreaghiniúint agus Giniúint ar an Mionchóir leis an líonra LV. Déanfaimid custaiméirí a nascadh leis an líonra tarchurtha freisin, mar a d'ordaigh EirGrid, chun tacú leis an sprioc CAP24 de 22 GW de ghiniúint in-athnuaite ar an gcladach a nascadh faoi 2030.

Chomh maith le hacmhainn bhreise a sheachadadh chun naisc in-athnuaite a chumasú, tá sé beartaithe againn tacú le custaiméirí trí phróisis a shruthlíniú tuilleadh chun giniúint in-athnuaite a nascadh agus bogadh chuig dhá bhaisc d'iarratais marthanacha um naisc bheartais (EPC) in aghaidh na bliana chun dlús a chur le naisc in-athnuaite.

Tá leictriú teasa, iompair agus tionscail ríthábhachtach chun an tsochaí a dhícharbónú. Faoin bplean seo, tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth le hoibreoirí pointí luchtaithe EV, forbróirí tithíochta, agus custaiméirí móra tráchtála chun caighdeáin, réitigh agus nuálaíochtaí a fhorbairt chun dlús a chur le leictriú agus chun glacadh forleathan le teicneolaíocht ísealcharbóin a chumasú.

**Custaiméirí cumasaithe**

Cuireann ár bplean PR6 le forbairtí i PR5, lena n-áirítear rolladh amach méadair chliste, seoladh an chuntais líonraí ar líne, agus infheistíochtaí i ndigitiú agus sonraí chun cumhacht a thabhairt do chustaiméirí. Trí infheistíocht a dhéanamh i gcórais oibriúcháin nua, cibearshlándáil, sonraí agus digitiú, agus ardáin rannpháirtíochta custaiméirí, déanfaimid é níos éasca do chustaiméirí idirghníomhú go sábháilte agus go slán linn ar bhealaí a oireann dóibh, cibé acu trí chainéal digiteach nó trí oibreán daonna. Déanfar gach croí-thuras custaiméara a bharrfheabhsú faoi dheireadh PR6 chun idirghníomhaíochtaí níos áisiúla, níos fusa agus níos simplí le ESB Networks a chinntiú. Cuirfidh ár n-infheistíochtaí i **ndigitiú agus sonraí** ar ár gcumas uirlisí, táirgí agus léargais nua a fhorbairt chun cumarsáid le custaiméirí a fheabhsú agus próisis a chomhtháthú chun taithí an chustaiméara a fheabhsú. Mar shampla, táimid ag díriú ar fhógraí digiteacha réamhghníomhacha 80% le haghaidh gearrthacha cumhachta faoi dheireadh PR6 (suas ó 65% i PR5) chun am gníomhairí lárionad glaonna a shaoradh le haghaidh fiosrúcháin níos casta. Táimid ag iarraidh freisin amlínte caighdeánacha luachana a laghdú go suntasach trí phróisis a chuíchóiriú. Bainfidh custaiméirí leictrithe leas as rochtain níos fearr ar shonraí chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.

Déanfar tionchar ár n-infheistíochtaí chun custaiméirí a chumhachtú a thomhas lenár scór um shásamh custaiméirí (CSAT). Táimid ag iarraidh an tsástacht sin a mhéadú go 83% faoi 2030, ag aithint go mbeidh sé dúshlánach i bhfianaise scála ár gclár infheistíochta agus an tionchar a bheidh aige ar chustaiméirí.

Trí infheistíochtaí in uirlisí féinfhreastail agus digiteacha, saorfaimid am gníomhairí daonna san ionad náisiúnta teagmhála custaiméara (NCCC) chun déileáil le fiosrúcháin atá níos casta agus thógann níos mó ama, d'fhonn scór um shásamh custaiméirí 90% a choinneáil ar bun don NCCC. Faoi 2030, gheobhaidh 80% de na custaiméirí a ndéanfaidh gearradh cumhachta difear dóibh nuashonruithe tríd an aip fógraí digiteacha.

**Líonra atá cliste, solúbtha, agus cumasaithe go digiteach**

Cinnteoidh infheistíochtaí in TF, digitiú agus sonraí, cibearshlándáil, agus feidhm na Margaí Dáilte agus Oibriú Córais (DMSO) go mbeimid réidh chun líonra na todhchaí a oibriú go héifeachtach agus go gcuirfear ar a gcumhacht do chustaiméirí leas iomlán a bhaint as a ról maidir le solúbthacht a sholáthar don chóras. Faoi 2030, beidh na milliúin feiste idirnasctha nasctha leis an líonra (lena n-áirítear teaschaidéil, EVanna, cadhnraí agus painéil ghréine). Cinnteoidh na gníomhartha a dhéanaimid anois go mbeidh ESB Networks sásta ról gníomhach a ghlacadh i mbainistiú na sreafaí leictreachais idir feistí ar bhealach a sháróidh srianta líonra agus a bhainfidh leas as infhaighteacht foinsí in-athnuaite fuinnimh. Cuirfidh na hinfheistíochtaí sin ar chumas custaiméirí tairbhiú go hiomlán a bhaint d'acmhainn a mhéadair chliste freisin chun leas a bhaint as margaí solúbthachta agus cinntí níos fearr a dhéanamh maidir lena n-úsáid fuinnimh.

Cinnteoidh ár n-infheistíochtaí i Smart+ agus i gclaochlú méadair go mbeidh custaiméirí in ann leas a bhaint as teicneolaíocht méadair chliste a bheidh cothrom le dáta, as léargais mhionsonraithe ar a n-úsáid fuinnimh chun cabhrú leo cinntí eolasacha a dhéanamh, agus as íocaíochtaí cruinne d'onnmhairí Micreaghiniúna. Cuirfidh siad rogha níos fearr ar fáil do chustaiméirí freisin trí bhealaí chuig an margadh a chruthú do sholáthraithe nua, trí iomaíocht a mhéadú agus comhroinnt fuinnimh a chumasú. Cinnteoidh infheistíochtaí i gclaochlú oibriúcháin go mbeidh muid in ann córas dáileacháin atá sábháilte, slán agus iontaofa a chur ar fáil do chustaiméirí i gcónaí.

Cruthóidh claochlú ar mhargaí solúbthachta sruthanna nua ioncaim do chustaiméirí agus cuirfear ar a gcumas a gcion féin a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide trí bheith páirteach i dtionscnaimh sholúbthachta agus imeachtaí chun laghdú a chur ar éileamh.

**An comhshaol, sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht**

Cinnteoidh an cur chuige atá beartaithe againn i leith an chomhshaoil, na sábháilteachta agus na hinbhuanaitheachta go mbeidh ár n-oibríochtaí in ann tacú le haistriú na hÉireann chuig todhchaí ghlan leictreach, agus é a chumasú, agus ag an am céanna ár ngnáthóga agus ár speicis nádúrtha a chaomhnú agus sláinte agus folláine ár ndaoine, ár gconraitheoirí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid a chosaint. Inár straitéis bhithéagsúlachta 'Networks for Nature" 2024-2029, a seoladh i mbliana, leagtar béim ar ár dtiomantas do chúrsaí bithéagsúlachta a chomhtháthú i ngach gné dár ngnó, agus ar ár dtiomantas do chur chuige athghiniúnach i leith an dúlra agus pobail. Tríd an bhflít veaineanna buí a leictriú agus trí uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh ar ár bhfoirgnimh, is féidir linn na buntáistí a bhaineann le leictriú a léiriú agus luach fadtéarmach a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara.

Fanfaidh an tsábháilteacht i gcroílár ár gcuid oibre le linn PR6. Agus ár gclár infheistíochta caipitil á méadú againn chun clár i bhfad níos mó a sheachadadh, tá sé beartaithe againn bearta suntasacha a dhéanamh chun sláinte, folláine agus sábháilteacht an phobail agus na bpobal ar a bhfreastalaímid a chosaint. Cuirfidh ár gcur chuige riosca-bhunaithe ar chothabháil agus athsholáthar sócmhainní laghdú ar na rioscaí a bhaineann le sócmhainní atá ag dul in aois, agus cuideoidh ár bhfeachtais sábháilteachta poiblí le hardleibhéal feasachta a chinntiú maidir leis na rioscaí agus an chontúirt a bhaineann leis an líonra leictreachais.

Léirítear ár dtiomantas maidir le hionad oibre saor ó theagmhais agus timpistí a bhaint amach trí chreat 'cultúr cóir' a chur i bhfeidhm, lena gcothaítear atmaisféar muiníne agus lena spreagtar tuairisciú oscailte macánta ar theagmhais agus earráidí. Trí 'chultúr cóir' a chur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm ag ESB Networks cultúr dearfach sábháilteachta a chothú, rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú, agus feidhmíocht sábháilteachta ar an iomlán a fheabhsú.

## Tábla 2: Infheistíochtaí tábhachtacha a nascadh le príomhbhuntáistí custaiméirí

| Réimse Infheistíochta | Líonra Sábháilte, Iontaofa agus Athléimneach | Fuinneamh Dícharbónaithe | Custaiméirí Cumasaithe | Líonra atá Cliste, Solúbtha, agus Cumasaithe go Digiteach | An Comhshaol, Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht |
|---|---|---|---|---|---|
| **Custaiméirí a chumhachtú (lena n-áirítear Gnó Nua)** | Tá | Tá | Tá | | |
| **Margaí Dáilte agus Oibriú Córais** | | Tá | Tá | Tá | |
| **Atreisithe Acmhainne Líonra** | Tá | Tá | Tá | Tá | |
| **Giniúint a nascadh** | | Tá | | | |
| **Bainistíocht Straitéiseach Sócmhainní** | Tá | | | Tá | Tá |
| **Seachadadh Tarchuir** | Tá | Tá | Tá | | |
| **TF agus Teileachumarsáid** | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| **Eile** | | Tá | | Tá | Tá |

## Aschuir

| Catagóir | Buntáistí | Méadracht |
|---|---|---|
| **Líonra Sábháilte, Iontaofa agus Athléimneach** | Acmhainn líonra bhreise<br><br>Sláinte sócmhainní a fheabhsú<br><br>Athléimneacht i leith tarluithe adhaimsire<br><br>Laghdú ar mhinicíocht agus ar fhad ghearrthacha cumhachta gan choinne | • Os cionn 500 tionscadal caipitil curtha i gcrích<br>• 562 MW d'acmhainn dhocht chlaochladáin ag 110 kV (Baile Átha Cliath)<br>• 1.1 GW d'acmhainn dhocht chlaochladáin ag 38 kV (ar fud na tíre)<br>• 1.5 GW d'acmhainn dhocht chlaochladáin ag meánvoltas (ar fud na tíre)<br>• 743 MVA d'acmhainn ísealvoltais<br>• 6 x tionscadal athchóirithe líne 110 kV<br>• 15 x fostáisiún 38 kV uasghrádaithe<br>• 18 x fostáisiún nua 38 kV fuinnimhithe (11 á dtiomáint ag acmhainn agus 7 á dtiomáint ag saol sócmhainne)<br>• 16 x fostáisiún 110 kV uasghrádaithe (lena n-áirítear 5 mhol in-athnuaite)<br>• 27 x fostáisiún nua 110 kV fuinnmhithe<br>• 75 nóiméad caillte custaiméirí, 90 éaradh custaiméara<br>• 45,725 athsholáthar cuaillí MV<br>• 4,550 athsholáthar cuaillí LV<br>• 2,257km d'athsholáthar seoltóirí MV<br>• Tiontaíodh 9,000km de líonra MV go 20 kV<br>• 231 tionscadal tarchurtha<br>• Dul chun cinn déantar ar 138 tionscadal tarchurtha breise<br>• Córas cibearshlándála láidir |
| | Cláir oibre sábháilteachta poiblí | • An clár patróil guaise sábháilteachta poiblí tuaithe agus uirbeach curtha i bhfeidhm |
| | Freagairt ar imeachtaí stoirme | • Freagairt do gach eachtra stoirme le béim leanúnach ar shábháilteacht an phobail agus ar chumhacht a chur ar bun arís a luaithe is féidir |
| | Bainistíocht innéacs ualaigh | • 100% d'fhostáisiúin reatha 110 kV LI4 agus LI5 atreisithe |

| Catagóir | Buntáistí | Méadracht |
|---|---|---|
| **Fuinneamh Dícharbónaithe** | Spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe laghdaithe<br>Giniúint in-athnuaite | • 4.4 GW de ghiniúint in-athnuaite nasctha ar leibhéal dáileacháin<br>• Tacú le sprioc CAP24 de 17 GW de ghiniúint in-athnuaite ar an gcladach a nascadh faoi 2030 (tarchur agus dáileachán) *Beidh sé seo ag brath ar fhorbairt tionscadail in-athnuaite agus amlínte seachadta chomh maith le seachadadh tionscadal tarchurtha agus dáileacháin agus bainistíocht riosca.*<br>• 255 nasc in-athnuaite, mol agus tionscadal atreisithe nua (meastachán)<br>• Réamh-mheastar 40,000 nasc Micrighiniúna in aghaidh na bliana mar aon le fás leanúnach ar Mhion-Ghiniúint agus ar Ghiniúint ar an Mionchóir |
| | Solúbthacht | • ~11.3% solúbthachta breise seachadta de réir na Straitéise Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh<br>• ~4.2% solúbthachta breise seachadta faoi Réimse 1 – seirbhísí cliste (solúbthacht intuigthe)<br>• ~3.9% solúbthachta breise seachadta faoi Réimse 2 – solúbthacht éilimh agus freagairt don éileamh (solúbthacht shoiléir)<br>• ~3.2% solúbthachta breise seachadta faoi Réimse 3 – naisc éilimh nua (naisc sholúbtha neamhdhochta)<br>• Córas bainistíochta oibriúcháin nua<br>• Cuireadh tús le clár athsholáthair timthriallach 12 bhliain do mhéadair chliste |
| **Custaiméirí Cumhachtaithe agus Eispéireas Níos Fearr an Chustaiméara** | Cumarsáid phearsantaithe agus réamhghníomhach, go háirithe le linn gearrthacha cumhachta agus cothabháil phleanáilte | • 50,000 custaiméir tí (G1/G2) nasctha in aghaidh na bliana<br>• Sásamh custaiméirí 83% faoi 2030<br>• Sásamh custaiméirí leis an ionad teagmhála a choinneáil ag 90%<br>• Cumhacht a thabhairt do idir 176,000 agus 236,000 custaiméir reatha a bheith réidh le teicneolaíocht ísealcharbóin (LCT) do 2040<br>• 1 milliún EV/680k de Theas Leictreach (beidh sé seo ag brath ar ghlacadh an chustaiméara)<br>• 80% de chustaiméirí chun fógraí réamhghníomhacha a fháil faoi ghearrthacha cumhachta tríd an aip dhigiteach<br>• Seirbhísí cothroma agus cuimsitheacha, tacaíocht do chustaiméirí leochaileacha |

| Catagóir | Buntáistí | Méadracht |
|---|---|---|
| **Líonra atá Cliste, Solúbtha, agus Cumasaithe go Digiteach** | Teicneolaíochtaí cliste chun feidhmíocht líonra a bharrfheabhsú agus chun tacú le héilimh fuinnimh sa todhchaí (leictriú), oscailteacht agus trédhearcacht<br><br>Réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha a chur i bhfeidhm chun costais oibriúcháin a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú | • Comhtháthú sonraí, uirlisí, agus córas chun éifeachtacht na heagraíochta a fheabhsú chun freastal ar ár gcustaiméirí<br>• Sonraí ag an bpointe riachtanais do chustaiméirí agus d'fhostaithe<br>• Comhoibriú digiteach níos fearr idir custaiméirí agus ESB Networks, agus i measc na bhfoirne gnó freisin<br>• Roghanna féinfhreastail do chustaiméirí<br>• Cur chuige láraithe, caighdeánaithe maidir le príomhphróisis ghnó, lena n-éascófar trédhearcacht |
| | Nuálaíocht a bhrú chun cinn san earnáil fuinnimh | • Tionscadail phíolótacha agus comhoibriú le páirtithe leasmhara sa tionscal |
| **An Comhshaol, Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht** | Tionchar oibríochtaí líonra ar an gcomhshaol a laghdú, lena n-áirítear bithéagsúlacht agus laghdú carbóin | • 69% den bhflít veaineanna buí leictrithe<br>• Laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin ó thógáil<br>• Tuarascáil bhliantúil faoi Threoir an AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC)<br>• Glanghnóthachan bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm ar ár dtionscadail de réir na straitéise bithéagsúlachta 'Networks for Nature'<br>• Leanúint de bheith ag obair go hinmheánach agus lenár gcomhpháirtithe conartha chun sármhaitheas a bhaint amach i bhfeidhmíocht sábháilteachta |

## Conclúid

Léiríonn an clár infheistíochta atá beartaithe againn le haghaidh PR6 an tábhacht straitéiseach a bhaineann le leictreachas do shochaí na hÉireann agus í ag aistriú go todhchaí Neodrach agus ag ullmhú chun tacú le daonra i bhfad níos mó.

Cé go bhfuil gá le hinfheistíocht mhór agus leanúnach sa líonra chun tacú leis an aistriú, tá céimeanna glactha againn chun an tionchar a bheidh aige sin ar chustaiméirí a íoslaghdú i gcomhthéacs éiginnteacht shuntasach. Tá cur chuige céimnithe agus spriocdhírithe beartaithe againn maidir le hinfheistíocht nua i mbonneagar, réitigh chliste, sholúbtha agus dhigiteacha a úsáid chun buaicéileamh a laghdú agus cumhacht a thabhairt do chustaiméirí smacht níos fearr a ghlacadh ar a n-úsáid fuinnimh féin, ár sócmhainní reatha a bharrfheabhsú, agus cur chuige fianaise-bhunaithe a ghlacadh i leith bainistiú riosca sócmhainní chun infheistíocht a dhíriú ar réimsí tosaíochta. Táimid creat infheistíochta atá bunaithe ar riosca agus a íoslaghdaíonn costais tosaigh do chustaiméirí beartaithe againn freisin.

Ó bunaíodh é, tá ról lárnach ag ESB Networks i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann. Leis na hinfheistíochtaí a dhéanfaimid le linn PR6, tabharfar aghaidh ar riachtanais láithreacha na gcustaiméirí agus leagfar síos an bonn le haghaidh todhchaí ghlan leictreach. Aithnímid an ról uathúil atá againn mar chatalaíoch don athrú agus ár bhfreagracht as croí-bhonneagar leictreachais a sholáthar chun freastal ar riachtanais dhaonra na hÉireann atá ag dul i méid agus chun an t-aistriú go dtí an Neodracht a chumasú faoi 2050. Is céim ríthábhachtach é PR6 i dtreo na sprice sin. Trínár gclár infheistíochta, tá sé beartaithe againn athruithe móra a dhéanamh chun spriocanna 2030 na hÉireann a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go mbeidh an líonra réidh don Neodracht faoi 2040.

Ní bhainfear an t-aistriú fuinnimh amach gan rannpháirtíocht, caidreamh agus tacaíocht ghníomhach leanúnach maidir le custaiméirí agus páirtithe leasmhara. Gabhaimid buíochas leis na custaiméirí agus na páirtithe leasmhara go léir a thug a gcuid ama chun cur leis an bplean seo.

Tá 76 iarscríbhinn theicniúil ag tacú le plean gnó PR6, a thugann breac-chuntas ar ár bpleananna infheistíochta a bhaineann le sainréimsí gníomhaíochta. Leagtar amach iontu caiteachas beartaithe, méadracht feidhmíochta, agus spriocanna a bhaineann lenár ról mar DSO agus TAO. Ullmhaíodh tuairiscí siarghabhálacha a bhaineann le caiteachas agus feidhmíocht do PR5 freisin.

**Tabhair do d'aire:** Mura luaitear a mhalairt, luaitear an t-airgead go léir a thugtar sa doiciméad seo i dtéarmaí réadacha 2024 Mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí infheistíochta atá beartaithe, féadfaidh suim gach ró sna táblaí infheistíochta sa doiciméad seo a bheith beagán níos airde nó níos ísle ná na méideanna iomlána a luaitear sna táblaí.

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoin bplean gnó, tabhair cuairt ar Phlean Gnó ESB Networks, Athbhreithniú 6 ar Phraghsanna

## Gluais na dTéarmaí

- **Bainistíocht Sócmhainní:** An próiseas córasach maidir le sócmhainní fisiceacha a oibriú, a chothabháil agus a uasghrádú sa líonra dáileacháin chun an fheidhmíocht is fearr is féidir agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú.
- **Oiriúnú Aeráide:** Straitéisí agus bearta a ghlactar chun an líonra a ullmhú le haghaidh tionchair an athraithe aeráide agus freagairt dóibh, mar shampla. méadú ar tharluithe adhaimsire.
- **Éarthaí Custaiméara (CI):** Beart feidhmíochta a úsáidtear chun líon na gcustaiméirí a ndéanann gearrthacha cumhachta thar thréimhse ama ar leith difear dóibh a rianú.
- **Nóiméid Chaillte Custaiméirí (CML):** Méadracht a úsáidtear chun fad éarthaí cumhachta a chainníochtú, a léiríonn an meánlíon nóiméad a chailleann custaiméir soláthar thar thréimhse bliana.
- **Freagairt don Éileamh:** Córas ina ndéanann tomhaltóirí a n-úsáid leictreachais a choigeartú mar fhreagra ar chomharthaí ón líonra, amhail athruithe praghais nó dreasachtaí, chun cabhrú le soláthar agus éileamh a chothromú.
- **Oibreoir an Chórais Dáileacháin (DSO):** Cuideachta atá freagrach as na líonraí dáileacháin leictreachais a iompraíonn leictreachas ón gcóras tarchuir agus ó ghineadóirí chuig tithe agus gnólachtaí a oibriú, a chothabháil agus a uasghrádú.
- **DMSO:** Is í an fhoireann Margaí Dáilte agus Oibriú Córais an fhoireann IN ESB Networks atá freagrach as ardchórais bhainistíochta dáileacháin a chur i bhfeidhm, as imlonnú méadar cliste a bhainistiú agus as tacú le margaí miondíola agus solúbthachta.
- **Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EV):** An líonra stáisiún luchtaithe agus an bonneagar gaolmhar a theastaíonn chun tacú le feithiclí leictreacha a ghlacadh go forleathan.
- **Éifeachtúlacht Fuinnimh:** An cleachtas a bhaineann le níos lú fuinnimh a úsáid chun an tseirbhís nó an t-aschur céanna a sholáthar, rud a bhaintear amach trí úsáid a bhaint as fearais, soilsiú, téimh agus próisis thionsclaíocha níos éifeachtaí, rud a chuireann leis an laghdú iomlán ar éileamh fuinnimh.
- **Aistriú Fuinnimh:** An t-aistriú ó chóras fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise go dtí córas atá bunaithe ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin, rud atá riachtanach chun spriocanna maidir le Neodracht a bhaint amach agus chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.
- **Naisc Sholúbtha:** Cineál de chomhaontú naisc a ligeann do ghineadóirí nó do thomhaltóirí móra nascadh leis an eangach faoi théarmaí níos solúbtha, go minic mar mhalairt ar a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú le linn buaic-amanna éilimh nó srianta eangaí.
- **Bainistiú Lóid Fuinnimh:** Teicnící a úsáidtear chun éileamh leictreachais ar fud an ghréasáin a bhainistiú, ag cinntiú gur féidir leis an soláthar freastal ar an éileamh agus ró-ualú bonneagair a sheachaint.
- **Teicneolaíocht Ísealcharbóin (LCT):** Teicneolaíochtaí a tháirgeann níos lú astuithe gás ceaptha teasa ná réitigh traidisiúnta atá bunaithe ar bhreosla iontaise, lena n-áirítear feithiclí leictreacha (EVanna), caidéil teasa, fótavoltach gréine, agus tuirbíní gaoithe.
- **Infheictheacht an Líonra Ísealvoltais (LV):** An cumas monatóireacht a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú ar an líonra ísealvoltais agus tuiscint a fháil air.

- **Uasacmhainn Iompórtála (MIC):** Seasann MIC d'Uasacmhainn Iompórtála. Is é an toilleadh uasta leictreachais i kVA a cheadaítear do chustaiméir a iompórtáil.
- **Micrighiniúint:** Tagraíonn sé seo do ghiniúint nasctha LV a oibríonn go comhthreomhar leis an gcóras LV le toilleadh suas go dtí 6 kW i gcás naisc aon phas agus 11 kW i gcás naisc trí phas. Cuireadh na naisc seo i bhfeidhm go rathúil gan táillí iarratais.
- **Mionghiniúint:** Tagraíonn sé do ghiniúint inbhéartóir ceangailte a shuiteálann custaiméirí chun leictreachas glan a tháirgeadh le haghaidh féin-ídiú, go príomha. Feidhmíonn sé i gcomhthreo leis an líonra leictreachais agus clúdaíonn sé toilleadh ó 6 kVA go 17 kVA i gcás naisc aon phas, agus 11 kVA go 50 kVA i gcás naisc trí phas.
- **Neodracht:** Sprioc rialtas na Ríochta Aontaithe maidir le hastuithe gás ceaptha teasa a laghdú go Neodrach faoi 2050, rud a éilíonn aistriú go geilleagar ísealcharbóin, lena n-áirítear giniúint agus ídiú leictreachais a dhícharbónú.
- **Acmhainn Líonra:** Tagraíonn acmhainn líonra don mhéid leictreachais is féidir leis an líonra dáileacháin leictreachais a láimhseáil go sábháilte.
- **Athléimneacht:** Cumas an bhonneagair leictreachais tarluithe adhaimsire, cibear-ionsaithe nó cur isteach eile a sheasamh agus teacht chuige féin ina ndiaidh, chun soláthar leanúnach cumhachta a chinntiú.
- **Iontaofacht:** Cumas an líonra leictreachais cumhacht a sholáthar go seasta do thomhaltóirí gan éarthaí nó gearrthacha cumhachta, go háirithe le linn tréimhsí buaicéilimh.
- **Eangach Chliste:** Líonra leictreachais nuachóirithe a úsáideann teicneolaíocht dhigiteach agus uathoibriú chun éifeachtúlacht, iontaofacht agus solúbthacht a fheabhsú, rud a chumasaíonn comhtháthú níos fearr fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus theicneolaíochtaí ísealcharbóin (LCTanna).
- **Totex (Caiteachas Iomlán):** Na costais iomlána a thabhaíonn DNOnna chun a gcuid seirbhísí a sheachadadh, lena n-áirítear caiteachas caipitiúil (capex) ar infheistíochtaí fadtéarmacha agus caiteachas oibríochtúil (opex) le haghaidh reáchtáil laethúil an líonra.
- **Solúbthacht an Chórais:** Cumas an chórais leictreachais freagairt go dinimiciúil ar athruithe ar sholáthar agus éileamh, agus seirbhísí solúbthachta amhail DSR, stóráil fuinnimh, agus giniúint sholúbtha a ionchorprú.
- **Claochladán:** Feiste a aistríonn fuinneamh leictreach idir dhá chiorcad nó níos mó trí ionduchtú leictreamaighnéadach, a úsáidtear de ghnáth chun leibhéil voltais a mhéadú (céim suas) nó a laghdú (céim síos).
- **Giniúint ar an Mionchóir:** Tagraíonn sé seo do ghiniúint a shuiteálann custaiméirí ag áitribh éilimh, lena n-áirítear córais shioncrónacha (e.g. CHP) agus córais inbhéartóir ceangailte (e.g. PV). Táirgeann na gineadóirí seo leictreachas glan le haghaidh breoslaí féin-ídithe, go príomha. Oibríonn siad go comhthreomhar leis an líonra leictreachais suas go dtí 200 kVA.
- **Fostáisiún:** Cuid den chóras dáileacháin leictreachais a athraíonn voltas ó ard go híseal nó vice versa agus a dhéanann feidhmeanna tábhachtacha éagsúla eile amhail cosaint agus lascadh.

NETWORKS

ESB NETWORKS
Three Gateway,
Bóthar an Phoirt Thoir,
Baile Átha Cliath 3
DO3 R583

Teil 1800 372 757 nó +353 21 2386555
Ríomhphost esbnetworks@esb.ie

**esbnetworks.ie**